

## Achoimre Feidhmiúcháin

Tá roinnt tosca ann a fhágann gur cúram uathúil dúshlánach é dul i ngleic leis an gcibearchoireacht. Mar gheall ar an gcineál ruda atá i gceist, tá an chibearchoireacht gan teorainneacha agus athraíonn sí go tapa, uaireanta níos gasta ná mar is féidir le húdaráis náisiúnta freagairt. Rud a chuireann ciseal breise castachta leis an scéal is ea cineál cothrománach na cibearchoireachta: is amhlaidh gur féidir gach cineál coireachta, beagnach, a dhéanamh ar an Idirlíon sa lá atá inniu ann. Bíonn sé deacair in amanna fianaise leictreonach a bhailiú ar na coireanna sin toisc sonraí a bheith chomh luaineach sin, agus d'fhéadfadh go mbeadh saineolas sonrath ag teastáil ina leith. Teastaíonn comhar breithiúnach chun a áirithiú go gcaomhnaítear fianaise leictreonach go tráthúil, lena n-áirithítear go bhfuil an fhianaise inghlactha in imeachtaí breithiúnacha. D'fhéadfadh bac a bheith ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta de bharr difríochtaí móra i gcreataí dlíthiúla intíre (e.g. maidir le coiriúlú iompair nó leis an reachtaíocht um choinneáil sonraí) agus de bharr coinbhleachtaí dlínse. Tá mórfheiniméan na cibearchoiriúlachta ag athmhúnlú choincheap dlíthiúil traidisiúnta phrionsabal an chríochachais mar thoradh ar chineál fornáisiúnta na fianaise a theastaíonn chun a áirithiú go n-ionchúisítear cibearchoirpigh go rathúil.

Dá bhrí sin, is minic a theastaíonn comhoibriú il-leibhéil chun freagairt náisiúnta éifeachtach don chibearchoireacht a áirithiú. Gné thábhachtach is ea comhar idirnáisiúnta neartaithe, toisc go mbíonn cineál idirnáisiúnta agus trasteorann ag gabháil go nádúrtha leis an gcibearspás. Díritear i 'Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás atá oscailte, sábháilte agus slán' ar cibearspás a chruthú lena gcuirtear rochtain ar an Idirlíon chun cinn agus lena n-áirithítear fás margaidh, agus a bhfuil mar aidhm leis ag an am céanna cibear-athléimneacht a bhaint amach agus dul i ngleic leis an gcibearchoireacht, agus an chothromaíocht chúí á haimsiú aici idir cearta bunúsacha na saoránach agus rial an dlí <sup>(1)</sup>. Ina theannta sin, cuirtear chun cinn leis úsáid a bhaint as uirlisí comhair idirnáisiúnta sa chomhrac in aghaidh na cibearchoireachta, mar aon le comhar póilíneachta agus breithiúnach gaolmhar i dtríú tíortha óna n-oibríonn eagraíochtaí cibearchoireachta <sup>(2)</sup>.

Leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don AE' <sup>(3)</sup>, comhlánaítear straitéis chibearshlándála an AE trí bhéim a leagan ar an ngá le cibirghníomhaíochtaí mailíseacha a chosc, a dhíspreagadh agus a bhrath agus le freagairt dóibh sin. Leagtar béim iontu gur gá na huirlisí a theastaíonn a thabhairt d'údaráis phoiblí chun an chibearchoireacht a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Díríonn Eurojust ar an gcibearchoireacht a chomhrac d'fhonn comhar breithiúnach a neartú sa réimse seo, go háirithe trí láimhseáil mhear iarrataí breithiúnacha a éascú – ar toisc ríthábhachtach é maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na luaineachta sonraí agus maidir le bearnaí a líonadh a eascraíonn as rialacha difriúla intíre a chur i bhfeidhm i réimse na coinneála sonraí – agus trí luathpháirt a thabhairt do na breithiúna in oibríochtaí cibearchoireachta chun a áirithiú gur i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme a bhailítear sonraí le linn chéim an imscrúdaithe, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann iad a thairiscint mar fhianaise leictreonach inghlactha in imeachtaí breithiúnacha ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, rannchuidíonn Eurojust go mór le táirgí straitéiseacha a tháirgeadh i réimse na cibearchoireachta nó táirgeann sé na táirgí sin é féin, rud a chabhraíonn le cleachtóirí na cibircileanna a theastaíonn a fhorbairt tuilleadh <sup>(4)</sup>.

---

<sup>(1)</sup> Comhairle an Aontais Eorpaigh, conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás atá Oscailte, Sábháilte agus Slán, an Bhruiséil, 22.7.2013 (12109/13)

<sup>(2)</sup> Tá Eurojust tiomanta do roinnt tionscadal fothaithe acmhainneachta i réimse na cibearchoireachta, amhail an tionscadal Sirius (<http://eurojust.europa.eu/Practitioners/Pages/SIRIUS.aspx>), tionscadal EuroMed Justice (<https://www.euromed-justice.eu/>) agus tionscadal GLACY+ (<https://www.coe.int/en/web/cybercrime/glacyplus>).

<sup>(3)</sup> Comhairle an Aontais Eorpaigh, conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Athléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don AE, an Bhruiséil, 20.11.2017 (14435/17).

<sup>(4)</sup> Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an chuid 'Foilseacháin agus tionscadail Eurojust i réimse na cibearchoireachta' sa doiciméad seo.

Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo forbheathnú a thabhairt ar obair Eurojust i réimse na cibearchoireachta. Tugann an obair oibríochtúil a dhéanann Eurojust léargas sármaith ar na dúshlán choiteanna a mbíonn cleachtóirí ag dul i ngleic leo agus ar na dea-chleachtais is féidir a úsáid chun na dúshlán sin a shárú. Tá cásobair Eurojust ina foinse úsáideach faisnéise ar na bacainní sonracha atá ann i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus ar conas is féidir iad a shárú, rud a chuireann leis an bplé maidir leis na bealaí is fearr aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na cibearchoireachta. Tá caibidil ann ina dhiaidh sin ina dtugtar samplaí cásanna. Mar fhocal scoir, tá foilseacháin chorparáideacha Eurojust agus na tionscadail atá ar bun aige i réimse na cibearchoireachta liostaithe.